**Cinneadh (AE) 2024/1677 ón gComhairle**

**an 30 Bealtaine 2024**

**maidir le tarraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach as an gConradh um Chairt Fuinnimh a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, an dara mír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal') an Conradh um Chairt Fuinnimh ('ECT') i gcrích le Cinneadh 98/181/CE, CEGC, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún ([1]), agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Aibreán 1998.

(2) In éagmais aon nuashonrú substaintiúil ar ECT ó bhí na 1990idí ann, chuaigh ECT as dáta de réir a chéile.

(3) In 2019, chuaigh na Páirtithe Conarthacha in ECT ('na Páirtithe Conarthacha') i mbun caibidlíochta arb é ab aidhm di ECT a nuachóiriú, chun é a chur i gcomhréir le prionsabail Chomhaontú Pháras ([2]), le ceanglais na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, chomh maith le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta.

(4) Le linn Comhdháil *ad hoc* an 24 Meitheamh 2022, tháinig na Páirtithe Conarthacha ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs nuachóirithe, agus ar an gcaoi sin, tugadh an chaibidlíocht chun críche, gan dochar don mheasúnú deiridh a rinne na Páirtithe Conarthacha. Bhí sé beartaithe an toradh a caibidlíodh a ghlacadh ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh ('an Comhdháil') an 22 Samhain 2022.

(5) Roimh chruinniú na Comhdhála, níor ghlac an Comhphobal seasamh maidir le nuachóiriú ECT.

(6) In éagmais seasamh ón gComhphobal, ní féidir leis an gComhphobal vótáil i ndáil le ECT nuachóirithe a ghlacadh ag an gComhdháil.

(7) I bhfianaise an mhéid thuas ar fad, ba cheart don Chomhphobal tarraingt siar as ECT. I gcomhréir le hAirteagal 101, an dara mír, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá an cinneadh maidir leis an tarraingt siar le déanamh ag an gCoimisiún faoi réir fhormheas na Comhairle.

(8) Chuir roinnt Ballstát in iúl go dtacaíonn siad leis na leasuithe atá beartaithe ar ECT agus chuir siad in iúl go bhfuil rún acu leanúint de bheith ina bPáirtithe Conarthacha, faoi réir a nuachóirithe. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit sin, trí chinneadh ar leith ón gComhairle, nuachóiriú ECT a fhormheas nó gan cur ina choinne ag an gComhdháil, ar Comhdháil í a ghlacfaidh an nuachóiriú sin.

(9) De bhun Airteagal 47(1) de ECT, is féidir le Páirtí Conarthach fógra i scríbhinn a thabhairt maidir lena tharraingt siar as ECT do Thaiscí ECT, eadhon Poblacht na Portaingéile. De bhun Airteagal 47(2) de ECT, maidir le tarraingt siar den sórt sin, beidh éifeacht aici agus bliain amháin caite tar éis an dáta a bhfaighidh an Taiscí an fógra.

(10) Ba cheart tarraingt siar an Chomhphobail as ECT a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar, leis seo, tarraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach as an gConradh um Chairt Fuinnimh.

([1]) Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom an 23 MeánFómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lch. 1).

([2]) IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. VAN DER STRAETEN